Rugbaí sa scoil

Ar an tríú lá is fiche de Fheabhra i Staidiam Dhomhnach Broc bhí an JCT ó Choláiste na Carraige Duibhe ag imirt rugbaí i gcoinne choláiste Wesley. Bhí a lán teannas roimh an gcluiche agus thosaigh sé ag cur sneachta go gairid roimh an gcluiche. Tar éis seasca nóiméad bhuaigh coláiste na Carraige Duibhe an cluiche triocha seacht - náid. Ba é Dermot O'Flynn an captaen, Cluiche iontach a bhí ann agus tá súil againn go leanfaidh siad ar aghaih chun an corn a bhuachan.

Ar an dara lá de mhí Feabhra bhí an SCT ag imirt in aghaidh Naomh Gerards . Ach bhí sé ina lá dorcha mar bhuaigh St Gerards an cluiche a seacht – a náid. Bhí Coláiste na Carraige Duibhe as an gcorn.

Tá a lán imreoirí rugbaí ar fhoireann idirnáisiúnta na hÉireann as Coláiste na Carraige Duibhe. Is iar scoláirí iad Brian O'Driscoill, Leo Cullen agus Luke Fitzgerald.

Imríonn daoine eile le foireann Laighean. D’fhág Andew Conway an scoil anuraidh agus tá sé ag imirt leis an bhfoireann idirnáisiúnta faoi 20 chomh maith le Brendan Macken agus Brian Kingston. Nuair a bhí Conway ag imirt anuraidh leis an scoil bhíodh daoine ag canadh "Is é an Tiarna, Is é an Tiarna."

Tá rugbaí sa scoil ag fás agus ag forbairt ó bhliain go bliain. Beidh sé fós iontach i ndeich mbliain nó fiú i gcéad bliain.

Matthew Finlay